Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**13342/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0335(NLE)**

**MAMA 181**
**MED 58**
**AGRI 512**
**PECHE 398**
**PA 4**
**WTO 248**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 651 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 63(1) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 651 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 651 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2021
COM(2021) 651 final

2021/0335 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 63(1) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (‘An Comhchoiste’) i ndáil le cinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha dá bhforáiltear le Pointe A den Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara

An Comhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (‘an Comhaontú Eatramhach Comhlachais’), is é is aidhm dó trádáil agus infheistíocht agus caidreamh eacnamaíoch comhchuí idir na Páirtithe a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe eatarthu a chothú. Tháinig an Comhaontú seo i bhfeidhm an 1 Iúil 1997.

### 2.2. An Comhchoiste idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne

Tá sé de chumhacht ag an gComhchoiste idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (‘an Comhchoiste’) cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú Eatramhach Comhlachais agus sna cásanna eile is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú Eatramhach Comhlachais a bhaint amach. Gníomhaíonn an Comhchoiste le comhaontú frithpháirteach idir an tAontas agus Údarás na Palaistíne.

### 2.3. An Comhaontú trí Mhalartú Litreacha

An Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh agus lena leasaítear an Comhaontú Comhlachais maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, is é is aidhm dó an trádáil i dtáirgí talmhaíochta, i dtáirgí talmhaíochta próiseáilte agus i dtáirgí éisc a léirscaoileadh tuilleadh agus leasaíonn sé an Comhaontú Eatramhach Comhlachais. Tháinig an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012.

Is le pointe C, mír 1(a) den Chomhaontú trí Mhalartú Litreacha a údaraítear don Chomhchoiste cinneadh a dhéanamh na leasuithe sealadacha a shíneadh go ceann tréimhse bhreise. De réir an Chomhchoiste an 10 Nollaig 2020, chuir na Páirtithe in iúl go bhfuil sé ar intinn acu síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha.

### 2.4. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Glacfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir leis an síneadh 10 mbliana (‘an gníomh atá beartaithe’) a chur leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha.

Is gá forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn fós sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza. Is amhlaidh atá an cás go háirithe i ndiaidh an fhoréigin a tharla le déanaí in

Gaza agus ina thimpeall. Trí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza, d'fhéadfaí cuidiú le feabhas a chur ar an gcobhsaíocht pholaitiúil sa réigiún. Tugadh an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha i gcrích ar feadh tréimhse deich mbliana i dtosach. I bhfianaise an chruatain eacnamaíoch atá fós ann sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza agus chun cobhsaíocht agus iontaofacht pleanála a uasmhéadú, ba é ab éifeachtaí síneadh 10 mbliana eile a chur leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe síneadh a chur leis an léirscaoileadh sealadach le haghaidh trádáil táirgí talmhaíochta, táirgí talmhaíochta próiseáilte agus táirgí éisc agus iascaigh go ceann 10 mbliana breise.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 63(2) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais glacadh an dréachtchinnidh ón gComhchoiste, rud atá i gceangal mar Iarscríbhinn.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear leis an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist.

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a cuireadh ar bun le comhaontú idirnáisiúnta. Bunaíodh é le hAirteagal 63 den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, beidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 63(2) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais agus, dá bhrí sin, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

Leis an gcinneadh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a

shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe le trádáil earraí agus, dá bhrí sin, tá sé cumhdaithe go hiomlán faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála a leagtar amach in Airteagal 207 CFAE. Is sa chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal sin a leagtar amach an chumhacht chun comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE, an chéad fhomhír, an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Comhaontú trí mhalartú litreacha le gníomh ón gComhchoiste, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0335 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 63(1) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile ('an Comhaontú Eatramhach Comhlachais'), a thabhairt i gcrích le Cinneadh ón gComhairle an 2 Meitheamh 1997[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1997.

(2) Is le hAirteagal 63 den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais a bunaíodh Comhchoiste a bhfuil sé de chumhacht aige cinntí ceangailteacha a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú Eatramhach Comhlachais.

(3) An Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza,, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh agus lena leasaítear an Comhaontú Eatramhach Comhlachais (an 'Comhaontú trí Mhalartú Litreacha'), thug an tAontas an Comhaontú sin i gcrích le Cinneadh ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2011[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012. Tiocfaidh deireadh leis na leasuithe sealadacha ar an gComhaontú Eatramhach Comhlachais an 31 Nollaig 2021.

(4) De bhun Phointe C, mír 1(a) den Chomhaontú trí Mhalartú Litreacha, an Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais, féadfaidh sé a ghlacadh síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha ar an gComhaontú Eatramhach Comhlachais leis an gComhaontú trí Malartú Litreacha.

(5) Is gá forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn fós sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza. Is amhlaidh atá an cás go háirithe i ndiaidh an fhoréigin a tharla le déanaí in Gaza agus ina thimpeall. Trí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza, d'fhéadfaí cuidiú le feabhas a chur ar

[1] IO L 187, 16.7.1997, lch. 1.
[2] IO L 328, 10.12.2011, lch. 5.

an gcobhsaíocht pholaitiúil sa réigiún. Tugadh an Comhaontú trí mhalartú litreacha i gcrích ar feadh tréimhse deich mbliana i dtosach. I bhfianaise an chruatain eacnamaíoch atá fós ann sa Bhruach Thiar agus i Stráice Gaza agus chun cobhsaíocht agus iontaofacht pleanála a uasmhéadú, ba é ab éifeachtaí síneadh 10 mbliana eile leis an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha go ceann 10 mbliana breise.

(6) Glacfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir le síneadh deich mbliana a chur leis na leasuithe sealadacha ar an gComhaontú trí Mhalartú Litreacha.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ceangailteach ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*